Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Samhain 2019**
**(OR. en)**

**14265/19**

**FIN 754**
**SAN 471**
**SOC 755**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12913/19 FIN 636 SAN 423 SOC 662 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 07/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *EU actions for cross-border healthcare: significant ambitions but improved management required* [Gníomhaíochtaí an Aontais maidir le cúram sláinte trasteorann: uaillmhianta suntasacha ach gur gá feabhas a chur ar an mbainistíocht]<br>*- Conclúidí ón gComhairle (24 Deireadh Fómhair 2019)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite a ghlac an Chomhairle ar an 24 Deireadh Fómhair 2019.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 7/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:**
***EU actions for cross-border healthcare: significant ambitions but improved management required*** **[Gníomhaíochtaí an Aontais maidir le cúram sláinte trasteorann: uaillmhianta suntasacha ach gur gá feabhas a chur ar an mbainistíocht]**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 7/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *EU actions for cross-border healthcare: significant ambitions but improved management required* [Gníomhaíochtaí an Aontais maidir le cúram sláinte trasteorann: uaillmhianta suntasacha ach gur gá feabhas a chur ar an mbainistíocht];

2. MEABHRAÍTEAR DI go n-áirithítear le Treoir 2011/24/AE maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm ("an Treoir maidir le Cúram Sláinte Trasteorann")[1] go mbeidh cearta ag saoránaigh den Aontas i leith rochtain ar chúram sláinte sábháilte ar ardcháilíocht thar theorainneacha náisiúnta laistigh den Aontas agus go n-éascaítear léi comhar níos dlúithe i roinnt gníomhaíochtaí lena n-áirítear, *inter alia*, cóir leighis a chur ar ghalair neamhchoitianta agus sonraí othar a mhalartú thar theorainneacha;

3. MEABHRAÍTEAR DI FREISIN go leagtar síos leis an Treoir maidir le Cúram Sláinte Trasteorann rialacha le haghaidh othair ón Aontas atá le haisíoc le haghaidh cóir leighis a fuair siad le linn cúram sláinte trasteorann, go mbunaítear léi Pointí Teagmhála Náisiúnta atá freagrach as faisnéis a chur ar fáil do na saoránaigh den Aontas faoina gcearta chun cúram sláinte trasteorann a fháil agus éascaítear léi rochtain ar chúram leighis d'othair a bhfuil galair neamhchoitianta orthu, *inter alia* trí na Líonraí Tagartha Eorpacha (ERNanna) a fhorbairt;

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, de réir na Tuarascála Speisialta, go mbaineann thart ar 200 000 othar leas as na córais a cuireadh i bhfeidhm faoin Treoir maidir le Cúram Sláinte Trasteorann in aghaidh na bliana chun cóir leighis a fháil thar lear agus go dtarlaíonn an chuid is mó den tsoghluaisteacht othar i measc na mBallstát comharsanachta;

---

[1] IO L 88, 04.04.2011, lch. 45

5. CUIREANN SÍ I dTREIS gur ar na Ballstáit atá an phríomhfhreagracht maidir le beartais sláinte poiblí agus gur cheart gníomhaíocht an Aontais sa réimse sin a leagan amach chun tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát agus chun na gníomhaíochtaí sin a chomhlánú;

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE príomhchinntí na Cúirte a tíolacadh sa Tuarascáil Speisialta agus na moltaí a rinne sí don Choimisiún, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an ngá atá ann le tacaíocht agus treoir sa bhreis a chur ar fáil do Phointí Teagmhála Náisiúnta i dtreo is go mbeadh cumarsáid níos fearr ann i ndáil le cúram sláinte trasteorann do shaoránaigh den Aontas, le hullmhúchán níos fearr a dhéanamh maidir le sonraí sláinte othar a mhalartú trasteorann, agus le tacaíocht níos fearr a thabhairt do na Ballstáit chun rochtain na n-othar ar chóir leighis do ghalair neamhchoitianta a éascú;

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI an rún atá ag an gCoimisiún malartú trasteorann na dtaifead sláinte leictreonach a éascú agus a fhorbairt tuilleadh, mar a luaitear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2018[2] maidir le claochlú digiteach na sláinte agus an chúraim sláinte sa Mhargadh Aonair Digiteach a chumasú, le saoránaigh a chumhachtú agus sochaí níos sláintiúla a thógáil;

8. TARRAINGÍONN SÍ AIRD AR chastacht an chreata dhlíthiúil lena bhforáiltear do chúram sláinte trasteorann d'othair, arb iad atá ann an Treoir maidir le Cúram Sláinte Trasteorann agus Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta[3], i bhfianaise inniúlachtaí an Aontais agus na mBallstát, an réimse mhóir gníomhaithe agus na struchtúr casta atá i bhfeidhm laistigh de na Ballstáit;

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI an freagra a thug an Coimisiún ar chinntí na Cúirte agus na tionscnaimh a rinneadh cheana chun na moltaí sin a chur chun feidhme, go háirithe treoir chuimsitheach a chur ar fáil do na Pointí Teagmhála Náisiúnta, tacú le húsáid malartuithe trasteorann i gcás sonraí sláinte othar agus aghaidh a thabhairt freisin ar na dúshláin éagsúla atá i ndán do na ERNanna;

---

[2] 6451/18 (COM(2018) 233 final)
[3] *IO L 166, 30.4.2004, lch. 1*

10. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit leanúint orthu de bheith ag comhoibriú go dlúth chun an Treoir maidir le Cúram Sláinte Trasteorann a chur chun feidhme ina hiomláine tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- Bonneagar um Sheirbhís Dhigiteach na r-Shláinte (eHDSI) ar fud an Aontais a fhorbairt a thuilleadh**,** lena gcumasaítear malartú deonach trasteorann maidir le sonraí sláinte othar, amhail ríomhoidis agus achoimrí othar agus, go háirithe, naisc a bhunú idir na córais náisiúnta r-Shláinte agus eHDSI trí Phointí Teagmhála Náisiúnta don r-Shláinte;
- tacaíocht bhreise a thabhairt chun na ERNanna a fhorbairt;

11. MOLANN SÍ don Choimisiún an méid a leanas a dhéanamh:

- tacaíocht bhreise a thabhairt d'obair na bPointí Teagmhála Náisiúnta arna mbunú leis an Treoir chun feabhas a chur ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil d'othair maidir lena gceart chun cúram sláinte trasteorann a fháil, lena n-áirítear faisnéis chuimsitheach chórasach maidir le ERNanna;
- na nósanna imeachta airgeadais agus riaracháin a shimpliú le haghaidh ERNanna agus an t-ualach riaracháin a bhaineann leo a laghdú;
- measúnú a dhéanamh ar an méid a tháinig as straitéis 2008 maidir le galair neamhchoitianta agus a mheas cibé acu an gá é a nuashonrú, a oiriúnú nó a athsholáthar;
- ardáin ERNanna a fhorbairt tuilleadh lena soláthraítear treoirlínte, lena roinntear eolas agus dea-chleachtais, lena n-áirítear an tArdán Eorpach um Chlárlanna Galar Neamhchoitianta, lena ndírítear ar chlárlanna a nascadh san Aontas agus, ar an gcaoi sin, go n-éascófaí *inter alia* taighde eipidéimeolaíoch agus cliniciúil maidir le galair neamhchoitianta;
- leanúint d'fhaireachán agus de mheasúnú a dhéanamh ar na torthaí a baineadh amach leis an bPlean Gníomhaíochta r-Shláinte 2012 agus ar chur chun feidhme straitéis r-Shláinte 2018 i dtéarmaí éifeachtúlacht costais na mbeart a rinneadh agus a n-inbhuanaitheacht;

12. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tuairisciú rialta a dhéanann an Coimisiún chuig an gComhairle maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh chun an Treoir maidir le Cúram Sláinte Trasteorann a chur chun feidhme, go háirithe i dtaca le sreabha othar agus feidhmiú ERNanna agus na bPointí Teagmhála Náisiúnta, agus MOLANN SÍ do na Ballstáit cuidiú leis an gCoimisiún trí fhaisnéis a chur ar fáil atá ábhartha chun na tuarascálacha sin a ullmhú.